

Rannóg Oideachais Speisialta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659



Special Education Section
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath
N37 X659

Date: 04/02/2019

Imlitir 0006/2019

Teastas/Diplóma larchéime i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí atá ag obair le Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais)

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
Agus Príomhoifigigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an gclár eolas, tuiscint agus scileanna múinteoirí a fhorbairt agus iad ag obair le daltaí le neamhoird ar speictream an uathachais agus, ar an gcaoi sin, cur le cumas foriomlán na scoile sa réimse seo.

1. **An Clár 2019/2020**

Tá Coláiste San Aingeal, Sligeach, (Coláiste de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG)), ag tairiscint Clár Teastais/Diplóma larchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais) (NSU) i gcomhair leis an gComhairle Náisiúnta don Oideachais Speisialta (CNOS) do mhúinteoirí daltaí le NSU. Faoi réir na gclár atá á sholáthar ag an gcoláiste, beidh an clár seo creidiúnaithe ag OÉG, agus bronnfar Teastas/Diplóma larchéime san Oideachas Speisialta (Neamhord ar Speictream an Uathachais) mar thoradh.

2. Beidh suas le 25 áit le fáil ar an gclár don bhliain 2019/2020.

3. **Aidhm agus Ábhar**

Beidh sé d'aidhm ag an gclár eolas, tuiscint agus scileanna na múinteoirí a fhorbairt agus iad ag obair le scoláirí le neamhoird ar speictream an uathachais agus, ar an gcaoi sin, cur le cumas iomlán na scoile sa réimse seo.

Bronnfaidh OÉG cáilíochtaí ar rannpháirtithe a chríochnaíonn an chlár go rathúil. **Déanfar measúnú ar rannpháirtithe ar bhonn freastal iomlán ar an gclár, críochnú sásúil na dtascanna roghnaithe agus tionscnaimh scríofa, i dteannta lena gcuid oibre i scoileanna.** Déanfar machnamh ar iarratais ar aitheantas don réamhfhoghlaim (ADR/RPL) faoi bheartais agus nósanna imeachta ADR an Choláiste. Déanfar machnamh sa chomhthéacs sin ar chúrsaí CNOS ábhartha i bhfoghlaim agus teagasc scoláirí le NSU. Tá sonraí breise le fáil d'iarratasóirí ó Choláiste San Aingeal, Sligeach ar a shuíomh gréasáin ag www.stangelas.nuigalway.ie agus ón gComhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta (CNOS) ar a suíomh gréasáin: www.CNOS.ie.

4. **Fad agus Fagar**

Is éard atá sa Teastas larchéime na clár forbartha gairmiúil a chaithear a dhéanamh in **aon** bhliain acadúil amháin.

Is éard atá sa Diplóma larchéime na clár forbartha gairmiúil a chaithear a dhéanamh laistigh de **dhá** bhliain. Nuair a bhíonn an Teastas larchéime críochnaithe i mbliain amháin, caithfidh iarratasóirí ar mian leo an Diplóma larchéime a ghnóthú é sin a dhéanamh sa bhliain acadúil a leanann.

Tá ceithre Mhodúl sa chlár, mar seo a leanas:

Teastas Iar-Chéime

- **Modúl a haon (Croí-Mhodúl)** - Neamhord ar Speictream an Uathachais a Thuiscint

Agus

Modúl a dó - Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim

Nó

- **Modúl a trí** - Modhanna Teagaisc

Diplóma Iar-Chéime

- **Modúl a haon** – Neamhord ar Speictream an Uathachais a Thuiscint
- **Modúl a dó** - Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim
- **Modúl a trí** – Modhanna Teagaisc
- **Modúl a ceathair** – Féinbhainistíocht agus Iompraíocht

Nuair a bhíonn Croí-Mhodúil 1 agus Modúil 2 nó 3 ann, mar aon leis an obair chúrsa is gá agus cleachtas oibre críochnaithe go sásúil beidh Teastas larchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais) le gnóthú.

Nuair a bhíonn an dá Mhodúil breise mar aon leis obair chúrsa is gá críochnaithe beidh Diplóma larchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais) le gnóthú.

Ní gá go mbeidh ar rannpháirtithe na modúil aonair a chríochnú in ord seicimh ceann i ndiaidh a chéile.

Beidh gá ar a laghad ocht lá déag (Teastas) go seacht lá is tríocha (Diplóma) don scaoileadh ón scoil thar thréimhse dhá bhliain an chlár.

Beidh ar iarratasóirí rathúla 5 Shatharn ar a laghad a chaitheamh ag freastal ar ionad lárnach.

Beidh cuairteanna ranga ó CNOS agus ó phearsana San Aingeal chun tacaíocht a sholáthar agus measúnú a dhéanamh ar thréimhse chleachtaigh, faoi seach, mar chuid riachtanach den chlár.

5. Incháilitheacht

Tabhair aird go gcaithfidh gach múinteoir a bheith cláraithe i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Féach ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Baineann an clár seo le múinteoirí cláraithe a bhfuil post acu faoi láthair atá maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá ag obair faoi láthair le daltaí le Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU) nó a bheidh ag obair le daltaí le NSU le linn fad an Chláir i mBunscoileanna aitheanta lena n-áirítear Scoileanna Speisialta agus in Iar-Bhunscoileanna aitheanta. **Tá an clár saindeartha chun cuidiú le múinteoirí freastal ar riachtanais theagaisc agus fhoghlama daltaí le NSU.** Dá bhrí sin caithfidh iarratasóirí féideartha ról teagaisc a bheith acu a bhaineann le daltaí le hUathachas.

Ba chóir d'iarratasóirí a thuiscint go mbeidh gá fianaise a sholáthar ar sheiceáil an Gharda le bheith páirteach ar an gcúrsa seo.

(a) Bunleibhéal:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir¹ le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil bunscoile príomhshrutha nó chun daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais a theagasc.

Caithfidh iarratasóirí ó Bhunscoileanna an tréimhse promhaidh a bheith comhlíonta go sásúil.

(b) Iar-bhunleibhéal:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil iar-bhunscoile príomhshrutha nó chun daltaí le riachtanais speisialta oideachais a theagasc in earnáil na hiar-bhunscoile.

Caithfidh iarratasóirí ó Iar-Bhunscoileanna an tIonductú agus an Fhostaíocht Iarcháilíochta (PQE) a bheith comhlíonta go sásúil

(c) Scoileanna Speisialta:

Beidh ar mhúinteoirí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir le Deimhniú Clárúcháin (féach an fonóta thíos) ón gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar, nuair a bhíonn an fhoirm iarratais á chur isteach acu. Má bhíonn “Earnáil/Earnálacha Oideachais” fágtha bán, beidh ar mhúinteoirí fianaise a thabhairt go bhfuil cáilíochtaí acu a oireann don mhúinteoireacht in earnáil bunscoile nó iar-bhunscoile príomhshrutha nó le teagasc i suíomhanna scoileanna speisialta.

Caithfidh iarratasóirí ó Scoileanna Speisialta a dtréimhse promhaidh a bheith comhlíonta go sásúil

Caithfidh múinteoirí a bhíonn páirteach sa chlár leanúint le ról teagaisc a bheith acu a bhaineann le daltaí le NSU le linn fad an chláir. Moltar freisin go ndéanadh bainistíocht na scoile gach iarracht a dheimhniú go leanann an tairbhe do dhaltaí le NSU ó eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí fhoghlaim agus teagasc dhaltaí le NSU a dháileadh ar an múinteoir nuair a bhíonn an cúrsa críochnaithe aige/aici go sásúil. Is féidir cleachtais chomhoibrítheacha, cosúil le teagasc-foirme, a beith mar chuid de na scrúithe seo.

¹ Tá litir do Dheimhniú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Saoráid Logála Isteach do Mhúinteoirí Cláraithe ar láithreán na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

6. Iarratais agus Roghnú

Tagann Foirm Iarratais leis an Imlitir seo atá le comhlánú ag múinteoirí incháilithe a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa chlár.

Mar ghnáthnós, ní ghlacfar le hiarratais ach ó mhúinteoir amháin in aghaidh na scoile a shásaíonn na riachtanais mar atá san Imlitir seo.

Túbhachtach

Ba chóir do mhúinteoirí incháilithe a bhíonn ainmnithe ag údaráis na scoile agus ar mian leo go ndéanfaí iad a mheas don Chlár an fhoirm iarratais a chur chuig **Comhordaitheoir an Chláir, Teastas/Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU), An Lárionad do Riachtanais Speisialta, Ionchuidsiú agus Éagsúlacht, Coláiste San Aingeal, Loch Gile, Sligeach**, le bheith faighte faoi **4 Márta 2019**.

Ní gá d'iarratasóirí don chlár seo freastal ar agallamh.

Caithfidh táille riaracháin €25, nach bhfaighfear ar ais, a bheith le gach iarratas. Moltar d'iarratasóirí gur chóir dóibh fianaise postais a bheith acu.

7. Maoiniú

Tá gach eilimint laistigh de gach modúl maoinithe ag Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna tríd an CNOS.

Beidh iarratasóirí freagrach as táille €300 in aghaidh an Mhodúil a íoc agus eiseoidh Coláiste San Aingeal sonrasc chuig iarratasóirí faoi réir beartais reatha an Choláiste. Maidir leis seo, díritear d'aird freisin ar Scéim Aisíoca Táille an Mhúinteora. Tá sé d'aidhm ag an scéim seo maoiniú a sholáthar do chostas táillí chúrsaí agus scrúduithe a bhíonn ar mhúinteoirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile nuair a chríochnaíonn siad, go rathúil, cúrsaí forbartha gairme atá ceadaithe ag an Roinn agus ag údaráis na scoile. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.mie.ie/refundoffees.

8. Taisteal agus Cothabháil

Beidh soláthar ann do thaisteal agus cothabháil d'aon cheann d'eilimintí aghaidh-le-haghaidh an chláir faoi réir rátaí na Rannóige Oideachas Múinteoirí.

9. Saoire Phearsanta Breise (EPV)

Ní cheadófar aon saoire phearsanta breise i ngeall ar a bheith páirteach sa Chúrsa seo.

10. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, ach beidh gá le faomhadh údarás bhainistíochta na scoile/ an BOO. Caithfidh gá a bheith leis an ionadaíocht chun tréimhsí neamhláithreachta faofa an mhúinteora a chlúdach ó dhualgas teagaisc chun freastal ar an gcúrsa. Caithfidh an scoil doiciméid ón CNOS/gcoláiste ina luaitear na sonraí neamhláithreachta a choinneáil.

11. Socrúithe Tuarastail

Leanfar ag íoc tuarastail ar an ngnáthbhealach le gach múinteoir a bhíonn ar iasacht óna scoil faoi théarmaí an Chláir.

Tabhair aird nuair a bhíonn an Clár seo críochnaithe go sásúil nach mbeidh aon teidlíocht ar íocaíocht bhreise ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

12. Clár Máistreachta

Nuair a bhíonn an Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU) críochnaithe go sásúil, agus na riachtanais incháilithe ábhartha comhlíonta, beifear incháilithe le cur isteach ar MA i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU) i gColáiste Naomh Aingeal. Tá tuilleadh eolais ar an gClár MA i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU) i gColáiste San Aingeal ar fáil ar láithreán Naomh Aingeal, www.stangelas.nuigalway.ie.

Eddie Ward
Príomhoifigeach
An Rannóg Oideachas Speisialta

4 Feabhra 2019

Aguisín A
Teastas/Diplóma Iarchéime in Oideachas Riachtanais Speisialta
(Neamhord ar Speictream an Uathachais)
2019 - 2020

<p>Modúl a hAon NSU a Thuiscint</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Lá Réamheolais • CNOS Réamhchúrsa 4 Lá ina mbeidh: <ul style="list-style-type: none"> ○ Réamheolas ar Uathachas ○ Teagasc agus Foghlaim Uathachais ○ Teagasc Stuchtúrtha ○ Ról an Chúntóra Riachtanais Speisialta (páirtnéireachtaí comhoibrithacha) ○ Iompraíocht dhúshlánach ○ Measúnú ○ Aipeanna agus Uathachas ○ Próiseáil Chéadfach ○ Súgradh agus Cumarsáid • Pleanáil Aonair do Dhaltaí le hUathachas (Bunleibhéal nó Iar-Bhunleibhéal) • Uathachas: Dearcadh Céadfach • Uathachas a thuiscint (ar-líne) • Uathachas & Riachtanais Bhreise ag an am céanna • Socrúchán • Cuairt Ranga (Foireann Chomhairleach na CNOS: NSU)
<p>Measúnú</p>	<p>Iniúchadh Gairmiúil</p>
<p>Modúil a Dó Measúnú, Pleanáil agus Rochtain Churaclaim</p>	<ul style="list-style-type: none"> • ABBLs agus VB MAPP nó AFLS • PEP3 nó T-TAP • Litearthacht agus Uimhearthacht: <ul style="list-style-type: none"> ○ Rochtain an Churaclaim trí Litearthacht do Dhaltaí le hUathachas (Bunleibhéal nó Iar-Bhunleibhéal) ○ Rochtain an Churaclaim trí Uimhearthacht do Dhaltaí le hUathachas (Bunleibhéal nó Iar-Bhunleibhéal) • PECS • Modhanna Teagaisc Struchtúrtha (2-lá) (mic léinn Teastais amháin) • Teanga agus Cumarsáid: <ul style="list-style-type: none"> ○ Teanga agus Cumarsáid do Dhaltaí le hUathachas sa Rang Príomhshrutha: Seimineár 2 Lá, Bunleibh & Iar-Bhunleibh <ul style="list-style-type: none"> ▪ Nó ○ An Luath-Chumarsáid do Dhaltaí le hUathachas (Réamh-nó Luath-Theanga): Seimineár 2 Lá • Cuairt ar Rang (Foireann Chomhairleach CNOS: Iompraíocht)
<p>Measúnú</p>	<p>Taighde Cleachtóra</p>
<p>Modúil a Trí Modhanna Teagaisc</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Modhanna Teagaisc Struchtúrtha (2-lá) • Réamhchúrsa ar Anailís Iompraíochta Fheidhmeach (ar líne) • Oiliúint i scéalaíocht Shóisialta • TEACCH (5 Lá)

	<ul style="list-style-type: none"> • Tá na roghanna seo a leanas ar fáil mar rogha sa Mhodúl seo agus caithfidh rannpháirtithe dhá cheann ón liosta seo a roghnú: <ul style="list-style-type: none"> ○ Lámh ○ Am ar an Urlár ○ Ag Tacú le Daltaí le hUathachas agus iad ag Aistriú tríd an Oideachas (Bunleibhéal) nó (Iar-Bhunleibhéal) ○ Caithreachas, Caidrimh, Gnéasacht & Uathachas ○ Dian-Idirghníomhaíocht ○ Caidreamh Sóisialta trí Fhócas Ealaín-Bhunaithe do Leanaí & do Dhaoine Óga le hUathachas <p>Nó</p> <p>Caithfidh rannpháirtithe seimineár 2-lá a chaitheamh ar</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ Uathachas, Meabhairshláinte agus Bainistiú Imní
Measúnú	Cleachtas
Modúl a Ceathair Féinbhainistíocht agus Iompraíocht	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Traenáil i Scileanna Sóisialta (Bunleibhéal agus Iar-Bhunleibhéal) ▪ Conair don Chosaint (3 lá) ▪ Cúrsaí ar Anailís Iompraíochta Fheidhmeach Reatha (5 lá) ▪ Cuairt ar Rang (Foireann Chomhairleach CNOS: Iompraíocht)
Measúnú	Athbhreithniú Litríochta
Cleachtas	Gnéith riachtanach den Teastas Iarchéime agus den Diplóma Iarchéime in Oideachas Riachtanais Speisialta (Neamhord ar Speictream an Uathachais) is ea comhlánú an chleachtais (Féach cuid 3 den Imlitir)

Teastas/Diplóma i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speictream an Uathachais) 2019-2020

An Clár Iarchéime

Teastas Iarchéime

Modúl a haon (Cróí-Mhodúl)	NSU a Thuiscint
-------------------------------	-----------------

Agus

Modúl a dó	Measúnú, Pleanáil Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim
------------	--

Nó

Modúl a trí	Modhanna Teagaisc
-------------	-------------------

Diplóma

Modúl a haon	NSU a Thuiscint
Modúl a dó	Measúnú, Pleanáil Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim
Modúl a trí	Modhanna Teagaisc
Modúl a ceathair	Féinbhainistíocht agus Iompraíocht



Imlitir: 0006/2019

**Teastas/Diplóma Iarchéime sa bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhuinteoirí
atá ag obair le Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais
(Neamhord ar Speictream an Uathachais)**

COLÁISTE SAN AINGEAL, SLIGEACH

FOIRM IARRATAIS

Comhlánaigh an fhoirm agus cuir í ar ais mar aon le táille riaracháin €25 chuig:

**Comhordaitheoir an Chláir,
Teastas/Diplóma Iarchéime i RSO (ASD),
Lárionad do Riachtanais Speisialta Oideachais, Inonchuimsiú agus Éagsúlacht,
Coláiste San Aingeal,
Loch Gile,
Sligeach**

Ar nó roimh 5pm ar 4 Márta 2019

Tá iarratas á dheanamh chun páirt a ghlacadh i² (*tic mar is cuí*):

Teastas Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU)

Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU)

¹ Tabhair aird nach bhfuil anseo ach léiriú spéise amháin, chun eagar agus riarachán a éascú. Beidh ar chumas iarratasóirí na roghanna a bhíonn déanta acu a athbhreithniú de réir mar a bhíonn siad ag plé leis na Modúil éagsúla.

1. Sonraí Pearsanta

Ainm: _____ Scoil: _____

Seoladh Baile: _____ Seoladh Scoile & Éirchód: _____

Fón Baile: _____ Uimhir Rolla na Scoile: _____

Fón Póca: _____ Fón Scoile: _____ Facs: _____

Ríomhphost Pearsanta: _____ Ríomhphost Scoile: _____

Uimhir Phárolla an Mhúinteora: _____ Príomhoide: _____

Luaigh an Bhliain a críochnaíodh Ionduchtú agus Promhadh/ riachtanas PQE: _____

2. Sonraí Clárúcháin (de réir Teastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó litir dheimhnithe ar Dheimhniú Clárúcháin)*

Uimhir Chlárúcháin an Mhúinteora _____ Earnáil Oideachais _____

An bhfuil Seiceáil reatha an Gharda agat? Tá Níl

* Caithfear cóip den **Teastas Clárúcháin** nó **litir ar Dheimhniú Clárúcháin** a bheith leis an bhfoirm seo

3. Post Teagaisc Reatha

3 (a) Cuir tic leis an gceann acu seo is fearr a dhéanann cur síos ar do Stádas Fostaíochta reatha:

Conradh Tréimhse Éiginnte (CTÉ)

Conradh Téarma Seasta

Buan

Eile, mínigh le do thoil: _____

Má tá tú fostaithe ar Bhonn Páirtaimseartha, cé mhéad uaire an chloig fostaíochta atá agat? _____

3 (b) Cuir tic leis an gceann acu seo is fearr **a dhéanann cur síos ar an bpost teagaisc** a bheidh agat i 2019/2020:

Bunscoil Príomhshrutha

- Múinteoir ranga a bhfuil líon suntasach daltaí le NSU á theagasc agat
- Múinteoir Oideachas Speisialta, ag teagasc daltaí le NSU faoi láthair
- Múinteoir i rang speisialta do dhaltá le NSU
- Múinteoir i rang speisialta do dhaltá le riachtanais speisialta oideachais, ina measc daltaí le NSU
- Eile (Mínigh le do thoil) _____
- Cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat? _____

Iar-Bhunscoil Príomhshrutha

- Múinteoir ábhair, ina bhfuil líon suntasach daltaí le NSU á theagasc agat (luaigh an t-ábhar)
- Múinteoir Oideachas Speisialta a bhfuil daltaí le NSU á theagasc agat faoi láthair
- Múinteoir Tacaíocht Teanga (BTB/EAL), ag teagasc daltaí le NSU faoi láthair
- Múinteoir i rang speisialta do dhaltá le NSU
- Múinteoir i rang speisialta do dhaltá le riachtanais speisialta oideachais, ina measc daltaí le NSU
- Eile (Mínigh le do thoil) _____
- Cé mhéad dalta le NSU atá á theagasc agat? _____

Scoil Speisialta

- Múinteoir ranga ag múineadh daltaí le riachtanais speisialta oideachais, NSU san áireamh
- Múinteoir ranga ag teagasc daltaí le NSU
- Múinteoir ábhair, ina bhfuil an t-ábhar á rochtain ag daltaí le NSU (luaigh an t-ábhar) _____
- Príomhoide ar Scoil Speisialta ian bhfuil an Príomhoide ag teagasc agus daltaí le NSU ina rang
- Eile (Luaigh le do thoil) _____

Cé mhéad dalta NSU atá á theagasc agat ar scoil nó a bheidh á theagasc agat le linn fad an Cláir? _____

Cé mhéad dalta le riachtanais speisialta (seachas NSU) atá á theagasc agat ar scoil nó a bheidh á theagasc agat le linn fad an Cláir? _____

4. Scoil Príomhshrutha amháin: Raon na Seirbhísí Tacaíochta

4 (a) Seachas an ról atá agat, inis an raon seirbhísí tacaíochta atá i do scoil faoi láthair (luaigh an líon)

Múinteoirí Tacaíochta Teanga (EAL)	
Múinteoirí Riachtanais Speisialta (SET)	
Múinteoirí Ranganna Speisialta	
Eile (luaigh le do thoil)	

4 (b) Ar fhreastail tú roimhe seo ar chúrsa (gearrchúrs/Cúrsa larchéime) don oideachas speisialta? Sea Ní hea

Topaic	Dáta	Fad	Ionad
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____
_____	_____	_____	_____

5. Taithí Teagaisc Roimhe Seo

5 (a) Líon na mblianta i ranganna príomhshrutha: _____

Ainm agus Seoladh na Scoil(eanna):

Dátaí:

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

5 (b) Sular thosaigh tú sa phost teagaisc atá agat faoi láthair, luaigh líon na mblianta i scoileanna speisialta/ ranganna speisialta / post mar mhúinteoir oideachas speisialta: _____

Ainm agus Seoladh na Scoil(eanna):

Dátaí:

(Luaigh an ról teagaisc le do thoil):

_____	_____
_____	_____
_____	_____

5 (c) Aon taithí ábhartha eile i suíomhanna oideachais:

6. **Cáilíochtaí gairmiúla nó eile atá agat**

Coláiste, Ollscoil nó Foras Cáilíúcháin	Dátaí freastail agus pé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha	An Chéim agus Cáilíochtaí eile atá bronnta/ le bronnadh	Grád/ Leibhéal (más ann)	Ábha(i)r	Dáta an Bhronnta

7. **Forbairt Ghairmiúil Roimhe Seo** (m.sh. Ionduchtú, SESS, seachas FGL). Féach freisin liosta cúrsaí ar ar freastalaíodh cheana mar atá in Aguisín A.

Ainm & Dátaí an Chúrsa um Fhorbairt Ghairmiúil	Fad an Chúrsa	Grád/ Leibhéal (más ann)	Ábha(i)r	An Bhliain a Críochnaíodh an Cúrsa um fhorbairt Ghairmiúil	Comhlacht Creidiúnúcháin

8. **Eolas Breise**

8 (a) Ar chuir tú isteach cheana ar aon Teastas/Diplóma larchéime san Oideachas do dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhord ar Speistream an Uathachais (NSU))? Chuir Níor chuir

Má chuir, cén bhliain ina ndearna tú an t-iarratas a chur isteach?

8 (b) Tabhair le fios an fáth/na fáthanna ina bhfuil áit á lorg agat ar an gclár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach

8 (c) Tabhair aon eolas eile a bheidh cabhrach, dar leat, maidir le d'iarratas don chlár seo a mheas.

8 (d) Ar chuir aon bhall eile d'fhoireann do scoile isteach cheana ar an gclár oiliúna seo? Má rinne, cén bhliain?

8 (e) An bhfuil an cúrsa oiliúna seo á dhéanamh faoi láthair ag aon bhall d'hoireann do scoile?

9. Ainm, seoladh agus uimhreacha rolla gach scoil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair, má bhaineann

Ainm na Scoile

Seoladh na Scoile

Uimhir Rolla na Scoile

10. Le Comhlánú ag an Iarratasóir

Tá Imlitir 0006/2019 léite agam agus aontaím go gcomhlíonfaidh mé na coinníollacha is gá maidir le rannpháirtíocht ar an gclár ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agam. Dearbhaím go bhfuil gach eolas atá tugtha ar an bhfoirm cruinn agus má scoiltear isteach ar an gclár mé, dearbhaím go gcloífidh mé le rialacha agus rialúcháin Choláiste San Aingeal, Sligeach, agus go gcomhlíonfaidh mé coinníollacha riachtanach an chlár.

Tuigim nuair a bhíonn an Clár seo críochnaithe go sásúil nach mbeidh aon teidlíocht agam ar íocaíocht bhreise ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tuigim go bhfuil gá le fianaise ar sheiceáil an Gharda le bheith páirteach ar an gcúrsa.

SÍNIÚ: _____

DÁTA: _____

11. Le Comhlánú ag Údaráis na Scoile

Déanaim _____ a ainmniú chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus dearbhaím go bhfuil an t-iarratasóir don chúrsa seo cláraithe mar mhúinteoir i gcomhréir le hAlt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha ar an bhfoirm iarratais cruinn agus má fhaigheann an múinteoir ainmnithe áit ar an Teastas/Diplóma Iarchéime in Oideachas Riachtanais Speisialta (Neamhord ar Speictream an Uathachais) do Mhúinteoirí - 2019/2020, go n-aontaíonn an Bord Bainistíochta é/í a scaoileadh chun freastal ar an gclár agus go gcomhlíonfar gach riachtanas maidir leis an gcúrsa mar atá luaite in Imlitir 0006/2019.

Dearbhaím go bhfuil, nó go mbeidh, an múinteoir thuasluaite ag obair le daltaí le NSU don tréimhse lena mbaineann an Clár, go gceadóidh a (h)ualach oibre do/di lánbhuntáiste a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á ofráil agus go gcloífead leis na critéir mar atá in Imlitir 0006/2019

SÍNIÚ: _____ DÁTA: _____
(Príomhoide)

COMHSHÍNIÚ: _____ DÁTA: _____
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Comhlánaigh an fhoirm seo agus cuir í ar ais mar aon leis an táille riaracháin €25 agus cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir ar Dheimhniú Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta chuig

**Comhordaitheoir an Chláir,
Teastas/Diplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSU),
Lárionad do Riachtanais Speisialta Oideachais, Ionchuimsiú agus Éagsúlacht,
Coláiste San Aingeal,
Loch Gile,
Sligeach
Ar nó roimh 5pm ar 4 Márta 2019
Fón: (071) 9195552**

Go raibh maith agat as do chomhoibriú maidir leis an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú.

Cosaint Sonraí

Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi rún leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo agus ní bhainfead úsáid astu ach don ghnó sin amháin atá i gceist. Ní dhéanfar eolas a nochtadh ach mar a cheadaítear go dlíthiúil mar atá cláraithe ag an Roinn leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (DPC) - Tag 10764/A.

Pléifidh Coláiste San Aingeal faoi rún leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo agus ní bhainfead úsáid astu ach don ghnó sin amháin atá i gceist. Ní dhéanfar eolas a nochtadh ach mar a cheadaítear go dlíthiúil mar atá cláraithe ag Coláiste San Aingeal leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (DPC).

Má tá se i gceist úsáid ar aon chúis eile seachas a bhfuil luaite ag an Roinn nó ag an gcoláiste (de réir mar a oireann) sa chláirú leis an DPC, déanfar do chead a lorg ina leith sin.